



**Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas**

Prótacal Finnéithe

do dhaoine atá ag tabhairt fianaise
do Choistí de chuid Thithe an
Oireachtais

Nuashonraithe go deireanach i mí na Nollag 2020

**Arna cheadú ag na Coistí um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú
(Dáil Éireann agus Seanad Éireann)**

Contents

Réamhrá.....	3
Aidhmeanna.....	4
Prionsabail.....	4
Cuspóir an Chruinnithe.....	5
Cumarsáid le Finnéithe.....	5
Ráitis Scríofa.....	6
Ag an gCruinniú.....	7
Ról an Chathaoirligh.....	7
Pribhléid.....	8
An méid a iarrann an Coiste ar Fhinnéithe.....	9
Conas is féidir le Finnéithe ag bheith ag súil le go gcaithfear leo.....	9
Leigheasanna.....	11
Freastal ar Chruinnithe agus Cruinnithe a Chraoladh.....	13
Is féidir le duine a bheith i gComhlúadar Finné.....	13
Nithe ilghnéitheacha a bhaineann le stiúradh an chruinnithe.....	14
Tar éis an Chruinnithe.....	14
Fianaise a Fhoilsiú.....	14
Fianaise bhreise.....	15
Tuairisc an Choiste.....	15

Réamhrá

1. Baineann an Prótacal le finnéithe a n-iarrtar orthu teacht os comhair Coistí Oireachtais nó doiciméid a sholáthar dóibh a fhad is go bhfuil siad ag gabháil do ghnáthghnó coiste.¹ Má ordaítear duit (i.e. má cuireadh iallach ort) freastal os comhair Coiste nó fianaise a thabhairt nó doiciméid a chur ar fáil do Choiste, léigh an Prótacal seo i gcomhar le [Guidelines for Witnesses on Compellability](#).²
2. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar an gCoiste áirithe lena mbeidh tú ag cabhrú, féach, le do thoil <https://www.oireachtas.ie/en/committees> mar a bhfaighidh tú sonraí ginearálta faoin gCoiste, chomh maith lena Théarmaí Tagartha.³ Leagtar amach sna Téarmaí Tagartha, i measc nithe eile, roinnt de chumhachtaí agus réimsí sainchúraim an Choiste.
3. Tugtar aghaidh ar na nithe seo a leanas sa Phrótacal seo:
 - an méid a bhfuil Coiste ag dréim leis ó fhinnéithe⁴;
 - cearta agus freagrachtaí finnéithe; agus
 - an méid a fhéadfaidh finnéithe a bheith ag dréim leis ón gCoiste agus ón bhfoireann atá ag feidhmiú thar a cheann nó ag tacú leis ar bhealach eile.
4. Tá sé i gceist go mbeidh an doiciméad seo ina chabhair nuair atáthar ag plé le Coiste. Ní dhéantar idirdhealú go sainráite idir daoine atá freagrach do Choiste faoi dhualgas reachtúil nó eile agus daoine nach bhfuil faoi oibleagáid mar sin. Ach cuirfidh Coistí stádas finné san áireamh, agus ba cheart do dhaoine cuntasacha a bheith ag dréim leis go ndéanfar cinneadh maidir leo de réir caighdeán éagsúil ó, mar shampla, duine príobháideach. Ba cheart forálacha an Phrótacail seo a léamh dá réir sin.
5. **Ní airbheartaítear gur léirmhíniú dlíthiúil é an Prótacal seo ar an [Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais \(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta\), 2013](#) nó ar aon reachtaíocht eile a luaitear ann. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí. Níl sé beartaithe go mbeidh éifeacht cheangailteach ó thaobh dlí ag an bPrótacal seo.**
6. **Tá an doiciméad seo ceadaithe ag na Coistí um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú (Dáil Éireann agus Seanad Éireann)⁵ agus tá sé faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil.**

¹ Ullmhaíodh an Prótacal seo faoi alt 79 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta), 2013 agus go háirithe, alt 79(2)(a).

² I gcás aon choimhlinte ba chóir tús áite a bheith ag *Guidelines for Witnesses on Compellability*.

³ Arna dtagraítear dóibh freisin mar “Orduithe Tagartha”.

⁴ Ar mhaithe le háisiúlacht, tagraítear do dhaoine atá ag tabhairt fianaise do Choiste agus atá ag teacht os comhair Coiste ar chaoi eile mar “finnéithe” ar fud an doiciméid seo.

⁵ Ba iad na réamhtheachtaithe i dteideal na gCoistí seo an Coiste um Nós Imeachta Dháil Éireann agus an Coiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí Sheanad Éireann.

Aidhmeanna

7. Tá an Prótacal seo beartaithe chun a chinntiú:
 - 1) gur féidir leat cabhrú go hiomlán leis an gCoiste agus é ag comhlíonadh a shainchúraim go héifeachtach agus go héifeachtúil agus de réir mar a mheasann an Coiste a bheith cuí;
 - 2) go bhfuil tú eolach:
 - a) ar conas a dhéanfaidh an Coiste a ghnó chomh fada is a bhaineann sé le cuspóir do fhreastail;
 - b) ar conas a dhéanfar do fhreastal a bhainistiú;
 - c) ar do chearta agus pribhléidí mar fhinné agus conas a chuirfear iad seo i bhfeidhm i gcleachtas;
 - d) ar stádas d'fhianaise (i.e. conas a fhéadfar í a úsáid); agus,
 - e) ar cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh tú a bheith ag dréim leis go sainaitheofar thú agus go dtabharfaidh tú fianaise ag cruinniú a thionóltar i seisiún poiblí nó príobháideach;
 - 3) go bhfuil tú muiníneach go bpléifear go cothrom leat agus le meas agus go ndéanfar measúnacht ar d'fhianaise ar a fiúntas amháin;
 - 4) gur féidir leis an bpobal, agus gach rochtain réasúnta acu ar an bhfianaise agus ar fhaisnéis eile ar bhunaigh an Coiste a thuairimí agus a mholtaí, muinín a bheith acu maidir le conas a stiúrtar cruinnithe, na conclúidí a dtagtar orthu agus na moltaí a dhéanann an Coiste.

Prionsabail

8. Tá na Coistí tiomanta dul ar aghaidh ar bhealach a chothaíonn agus a choinníonn muinín an phobail ina n-oibiachtúlacht agus cothroime. Déanfaidh siad iarracht a chinntiú go bhfuil a gcruinnithe chomh hoscailte agus is féidir, ag aithint go bhfuil sé seo ar cheann de na bealaí ar féidir leis an bpobal muinín a bheith acu in ionracas agus neamhspleáchas phróiseas na gcoistí.
9. Ar mhaithe le hoscailteacht agus trédhearcacht, ba cheart gach fianaise a thugtar os comhair Coistí a thabhairt go poiblí, ach amháin má tá cúiseanna an-láidir ann an fhianaise a ghlacadh i seisiún príobháideach. Don Choiste amháin atá sé cinneadh a thógáil fianaise a ghlacadh i seisiún príobháideach. Tógfar aon chinneadh mar sin, áfach, ar chúiseanna luaite.
10. Ba chóir do chruinnithe Coiste dul ar aghaidh i spiorad an chomhoibrithe. Go háirithe, déanfaidh Cathaoirleach an Choiste iarracht a chinntiú go ndéantar imeachtaí ar bhealach atá i gcomhréir leis an bPrótacal seo, go dtugtar éisteacht chothrom do gach finné ag an gcruinniú, agus go ndéanfar breithniú cuí ar aon iarraidh a dhéanfaidh finné agus nach ndiúltofar go míréasúnta í. Is go deonach a chabhraíonn finnéithe leis an gCoiste agus féadfaidh siad an gcruinniú Coiste a fhágáil ag céim ar bith sna himeachtaí.

11. Níl an Coiste faoi cheangal ag na rialacha daingne fianaise atá i bhfeidhm sna Cúirteanna ach nuair a ghlacann sé le fianaise, déanfaidh an Coiste iarracht i gcónaí aird a bheith aige ar nósanna imeachta cothroma agus ceartas aiceanta agus cearta na ndaoine a n-imríonn fianaise mar seo tionchar orthu.

Cuspóir an Chruinnithe

12. Comhaontóidh an Coiste cuspóir leathan don chruinniú, a bheidh laistigh de Théarmaí Tagartha an Choiste. Cuirfear in iúl d'fhinnéithe, roimh a ndáta chun freastal, na réimsí leathana ina mbeifear ag dréim leo fianaise nó cabhair eile a thabhairt. Cuirfidh seo ar a gcumas d'fhinnéithe cabhail iomlán a thabhairt do Choistí ina gcuid pléití. Is ábhar don Choiste é a shocrú má tá cuireadh le tabhairt d'fhinnéithe agus, má tá, cé hiad na finnέithe a bheidh ann.

Cumarsáid le Finnέithe

13. Eiseofar cumarsáid ón gCoiste d'fhinnéithe tríd an gCléireach de ghnáth.
14. Eiseofar cumarsáid ag iarraidh ar dhaoine nó ag ordú dóibh (i.e. ag cur iallach orthu) freastal de ghnáth tráth nach lú ná **deich lá féilire** roimh dháta beartaithe an chruinnithe.⁶ Beidh an chéad chumarsáid seo le finné i scríbhinn, arna shíniú ag Cathaoirleach an Choiste, cuirfear ar fáil inti sonraí teagmhála an Chléirigh don Choiste (ar chóir comhfhreagras a chur nó a chóipeáil chuige) agus leagfar amach inti dáta, am agus suíomh an chruinnithe atá beartaithe agus na réimsí leathana atá le breithniú.
15. Leagfar amach freisin sa chumarsáid seo, nuair is féidir, na réimsí leathana a gcreideann an Coiste gur féidir leis an duine fianaise a thabhairt iontu, agus tabharfar cuireadh don duine:
 - a) a dhearbhu go bhfuil siad ar fáil chun freastal ar na dátaí a shonraítear;
 - b) nuair is ábhartha, ráiteas scríofa a dhéanamh;
 - c) aon iarrataí eile a dhéanamh is mian leis nó léi go ndéanfaidh an Coiste breithniú air (lena n-áirítear cibé an mian leis nó léi go mbeidh duine ina chomhlúadar nó ina comhlúadar).
16. Soiléireofar d'fhinnéithe sa chéad chumarsáid seo go dtagann Coistí le chéile go poiblí ach amháin má tá cúinsí eisceachtúla ann a mbeidh cruinniú príobháideach ag teastáil dá mbíthin.
17. Cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil d'fhinnéithe beartaithe:
 - a) cóip den Phrótacal seo;
 - b) [Treoirnóta: Aighneachtaí a Dhéanamh chuig Coistí Oireachtais agus Cur i Láthair a Dhéanamh os a gComhair](#); agus

⁶ Mar a luadh thuas, má ordáíodh duit fianaise a thabhairt tagair do *Guidelines for Witnesses on Compellability*.

c) Téarmaí Tagartha an Choiste.

18. Déanfaidh an Cléireach don Choiste nó ball foirne ag feidhmiú thar ceann an Chléirigh, **cúig lá féilire** roimh an gcrúinniú ábhartha den Choiste, an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil do gach finné i scríbhinn:

- a) dáta, am agus suíomh an chruinnithe, fad ionchais an chruinnithe, sosanna beartaithe agus clár ama táscach;
- b) cé acu a bheidh nó nach mbeidh an cruinniú á thionól i seisiún poiblí nó príobháideach (agus ag an am céanna comhairle a thabhairt don fhinné go gcoimeádann an Coiste an rogha an cruinniú a aistriú ó sheisiún poiblí go seisiún príobháideach agus vice versa);⁷
- c) sceideal doiciméad a bhféadfaidh an Coiste tagairt dó le linn an chruinnithe (a bheidh teoranta de ghnáth do dhoiciméid a bhfuil rochtain ag an bhfinné orthu nó a mbeadh rochtain ag an bhfinné orthu, lena n-áirítear iad siúd a chuirtear ar fáil don duine de bhíthin cinneadh den Choiste); agus
- d) liosta táscach d'ainmneacha lucht freastail bheartaithe ag an gcrúinniú (lena n-áirítear comhaltaí coiste agus finnéithe eile, seachas finnéithe ar ceadaíodh dóibh a bheith gan ainm etc.) Déanfaidh an Cléireach iarracht a chur in iúl duit aon athrú i sonraí na bhfinnéithe ag freastal ar an gcrúinniú de réir mar a thagann siad chun cinn.

Is den chleachtas is fearr na frámaí ama a leagtar amach thuas agus ba chóir iad a chomhlíonadh seachas i gcúinsí eisceachtúla. Má theipeann ar Choiste cruinniú a chur i gcrích faoi na spriocdhátaí sin, mar shampla, mura bhfuil an fógra 10 lá le haghaidh an chruinnithe faighte agat, ba chóir cúiseanna soiléire a chur ar fáil maidir le cén fáth ar gá an próiseas seo a ghiorrú. Má bhraitheann tú nach bhfuil tú ábalta ullmhú mar is cuí le haghaidh cruinniú de thoradh ar na frámaí ama gan a bheith curtha i gcrích, déan teagmháil le do thoil leis an gCléireach don Choiste.

Mar an gcéanna, murar tugadh go cuí faoi aon cheann de na nithe eile ba chóir a bheith san áireamh sa chumarsáid (mar shampla, mura bhfuil breac-chuntas tugtha ar na nithe a bhfuiltear ag iarraidh ort freastal lena n-aghaidh) déan teagmháil leis an gCléireach don Choiste le do thoil.

Ráitis Scríofa

19. Féadfaidh an Coiste ráiteas scríofa a iarraidh⁸ roimh an gcrúinniú agus féadfaidh an duine lena mbaineann ráiteas scríofa a chur ar fáil ar aon nós más mian leis/léi. Ba chóir d'fhinnéithe cloí le

⁷Má iarradh seisiún príobháideach ach má chinn an Coiste an fhianaise nó cuid di a chloisteáil go poiblí, nó má d'iarr an finné nach sainaitheofaí é nó í, agus má easaontaíonn an Coiste, tabharfar cúiseanna le cinntí mar sin.

⁸I gcúinsí áirithe tá an chumhacht ag Coiste freisin ordú duit (i.e. iallach a chur ort) ráiteas a thabhairt. Mar a luadh thuas, má fuair tú ordú mar seo tagair le do thoil do *Guidelines for Witnesses on Compellability*.

hiarrataí réasúnta an Choiste mar a bhaineann le struchtúr, fad nó ábhar na ráiteas atá le cur isteach.

20. Chun ligean do Thithe an Oireachais cloí lena n-oibleagáidí faoin [Acht um Míchumas 2005](#), iarrtar ar fhinnéithe, an oiread agus is féidir, a ráitis a chur ar ríomhphost i bhformáid Word go dtí an Cléireach don Choiste.
21. Pléifear le gach ráiteas a bhaineann le fianaise atá le héisteacht go poiblí mar ráiteas infhoilsithe ach amháin má thugtar cúiseanna nár chóir iad a fhoilsiú, agus má chomhaontaíonn an Coiste nár chóir an ráiteas a fhoilsiú. Mura gcomhaontaíonn an Coiste, cuirfear in iúl duit agus tabharfar deis duit do ráiteas a choigeartú nó a aistarraingt. Is don Choiste atá an cinneadh deiridh cé acu ráiteas iomlán nó cuid de a fhoilsiú.
22. Ba chóir ráitis a chur chuig an gCléireach don Choiste ar a laghad **trí lá féilire** roimh dháta an chruinnithe ach amháin gur iarradh é a sheachadadh níos luaithe. Féadfar na ráitis seo a scaipeadh ar fhinnéithe eile agus ar chomhaltaí Coiste, ach amháin má tá faisnéis faoi rún iontu atá sainaitheanta go soiléir ag an bhfinné a bheith rúnda, agus a chomhaontaíonn an Coiste a bheith go deimhin faoi rún. Mura gcomhaontaíonn an Coiste, cuirfear in iúl duit agus tabharfar deis duit do ráiteas a choigeartú nó a aistarraingt.
23. Bíonn doiciméid a scaiptear ar chomhaltaí Coiste, lena n-áirítear doiciméid a chuireann finnéithe isteach, ina “ndoiciméid choiste”. A luaithe is a fhoilsítear doiciméad coiste tá sé faoi phribhléid.⁹ Tagraíonn pribhléid do limistéar nó réimse díolúine dlíthiúla. I gcás doiciméid choiste atá anois faoi phribhléid, ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh cosaint phribhléide a bheith agat in imeachtaí um chlúmhilleadh i dtaca leis na doiciméid seo.

Ag an gCruinniú

Ról an Chathaoirligh

24. Tá freagracht fhoriomlán ar an gCathaoirleach as cruinnithe coiste a stiúradh. Déantar foráil do roinnt freagrachtaí faoi leith de chuid an Chathaoirligh i mBuan-Orduithe¹⁰ agus leagtar amach roinnt de na cinn is suntasaí sa Phrótacal seo. Má tá aon cheisteanna ag finné faoi chearta agus freagrachtaí a eascraíonn ó na Buan-Orduithe féadfaidh sé nó sí iad seo a tharraingt anuas leis an gCléireach.

⁹ Tabhair faoi deara freisin an chumhacht faoi [s.92\(4\)](#) trínar féidir nach mbeidh doiciméad ina dhoiciméad den Choiste a thuilleadh má chinneann sé é sin. Má dhéantar sin ní bheidh pribhléid ag an doiciméad a thuilleadh i gcoinne clúmhille.

¹⁰ Is iad Buan-Orduithe na rialacha lena rialaítear obair an Oireachtais.

25. Is é an Cathaoirleach an t-aon duine a dhéanann breithiúnas maidir le hord in imeachtaí agus tá údarás aige nó aici ainriail a chosc agus umhlaíocht dá rialú a chur i bhfeidhm.¹¹ Tá údarás ag an gCathaoirleach freisin Buan-Orduithe a léirmhíniú agus rialú a dhéanamh maidir le nithe nach bhfuil clúdaithe go sainráite i mBuan-Orduithe, lena n-áirítear nithe a bhaineann le hábharthacht, athrá agus úsáid iomchuí pribhléide le linn díospóireachta.¹²
26. Tá an Cathaoirleach freagrach as a C(h)oiste a bheith ag comhlíonadh na mBuan-Orduithe agus na rialacha a leagann an Teach nó na Tithe síos le haghaidh stiúradh ordúil agus cothrom imeachtaí an Choiste¹³.
27. Áirítear ar ról an Chathaoirligh freisin¹⁴:
- cearta daoine a dtagraítear dóibh le linn imeachtaí a chothromú le cearta comhaltaí, agus a chinntiú go gcomhlíonann an Coiste téarmaí an Phrótacail Finnéithe seo;
 - a chinntiú go bhfeidhmíonn an Coiste laistigh de raon feidhme a Théarmaí tagartha (dá dtagraítear freisin mar Orduithe Tagartha) mar a d'aontaigh an Teach nó na Tithe a cheap é;
 - a chinntiú go bhfeidhmíonn an Coiste laistigh de raon feidhme aon chuiridh a eisíodh d'aon fhinné teacht os comhair an Choiste;
 - ord a chinntiú sa Choiste, lena n-áirítear rialú ar nithe a bhaineann le hord nuair a iarrann comhalta, finné nó tríú páirtí air nó uirthi sin a dhéanamh;
 - comhlíonadh cibé rialacha riaracháin lena rialaítear Coistí, de réir mar a fhéadfaidh Coimisiún Thithe an Oireachtais a chinneadh, a chinntiú.

Má tá ábhair imní ag finné maidir le haon ní dá bhfuil thuas le linn cruinnithe, ba chóir iad a tharraingt anuas leis an gCathaoirleach¹⁵. Féach an rannóg ar 'Leigheasanna' thíos.

Pribhléid

28. Tá finnéithe a thugann fianaise ó laistigh de na purláin pharlaiminteacha faoi chosaint ag pribhléid iomlán maidir leis an bhfianaise a thugann siad don Choiste¹⁶. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cosaint iomlán ag finné in aon chaingean clúmhillte maidir le haon ní a deirtear ag cruinniú Coiste. Ach táthar ag súil leis nach mbainfidh finnéithe mí-úsáid as an bpribhléid seo agus féadfar go dtreorófar dóibh stad de bheith ag tabhairt fianaise ar cheist faoi threorú an Chathaoirligh. Ba chóir d'fhinnéithe ordú an Chathaoirligh a leanúint ina leith seo agus meabhraítear dóibh an cleachtas

¹¹ Buan-Ordú na Dála 72(2) agus Buan-Ordú an tSeanaid 50(2).

¹² Buan-Ordú na Dála 72(3) agus Buan-Ordú an tSeanaid 50(3).

¹³ Buan-Ordú na Dála 105 (1) agus Buan-Ordú an tSeanaid 79(1).

¹⁴ Buan-Ordú na Dála 105 (2) agus Buan-Ordú an tSeanaid 79(2).

¹⁵ Má theipeann ar Chathaoirleach a f(h)reagrachtaí a chomhlíonadh, féadfar go gcáinfidh an Coiste é/í agus go dtuairisceoidh sé é/í don Choiste ar Pribhléidí Parlaiminteacha agus Maoirseacht – féach Buan-Ordú na Dála 105(4) agus Buan-Ordú an tSeanaid 79(4).

¹⁶ Alt 15.12 Bunreacht na hÉireann.

parlaiminteach seanbhunaithe lena gcuirtear in iúl nár chóir, a fhad agus is féidir, aon tráchttaireacht dhíobhálach a dhéanamh i gcoinne aon duine nó eintiteas tríú páirtí atá in-sainaitheanta.

29. Iarrtar ar fhinnéithe atá le fianaise a thabhairt ó lasmuigh de na purláin pharlaiminteacha a thabhairt dá n-aire go bhféadfar nach mbainfidh siad tairbhe as an leibhéal céanna díolúine ó chaignean dlí agus a bheadh ag finn é ag tabhairt fianaise ó laistigh de na purláin pharlaiminteacha, agus féadfaidh sé/sí é a mheas a bheith cuí comhairle dlí a ghlacadh ar an ábhar seo.
30. Ní bhaineann pribhléid i gcoinne clúmhillleadh leatsa aon ní a éiríonn as na himeachtaí arna dtionól ag an gCoiste a fhoilsiú lasmuigh de na himeachtaí.

An méid a iarrann an Coiste ar Fhinnéithe

31. Iarrtar ort:
 - a) freastal ar an gcruinniú nuair a thugtar cuireadh duit nó nuair a ordaítear duit;
 - b) teacht ag an gcruinniú in am agus thú féin a chur in aithne;
 - c) cabhrú leis an gCoiste, an oiread agus is féidir, agus iad ag breithniú nithe a thagann laistigh de na réimsí inar tugadh cuireadh duit trí fhreagraí ábhartha, achoimre agus iomlána ar cheisteanna a chuirtear;
 - d) na doiciméid a iarrann an Coiste a thabhairt dó;
 - e) a chinntiú go bhfuil aon doiciméad a thugann tú don Choiste fíor, cruinn agus iomlán;
 - f) aon fhianaise ábhartha a chaomhnú;
 - g) tú féin a iompar ar bhealach cuí;
 - h) meas a léiriú ar fhinnéithe eile;
 - i) go ginearálta, cabhrú le dul chun cinn an chruinnithe Coiste.

Conas is féidir le Finnéithe ag bheith ag súil le go gcaithfear leo

32. Is féidir le finn éithe ag bheith ag súil leis go gcaithfear leo go cothrom agus le meas.
33. Déanfaidh an Cathaoirleach breithniú cuí ar iarrataí réasúnta ó fhinn éithe ar thacaíocht agus cabhair. Déanfaidh an Cathaoirleach iarracht freisin:
 - a) finn éithe neirbhíseacha nó leochaileacha a chur ar a suaimhneas;
 - b) cúram agus aire speisialta a thabhairt d'fhinn éithe leochaileacha;
 - c) freastal ar fhinn éithe a bhfuil riachtanais bhreise acu;
 - d) finn éithe a choinneáil ar an eolas faoi mhoill agus, go háirithe, geallfaidh siad go gcuirfidh siad aon mhoill intuartha in iúl d'fhinn éithe sula bhfreastalóidh an finn é ag Tithe an Oireachtais;
 - e) a chinntiú go dtuigeann finn éithe na himeachtaí ina mbeidh siad páirteach;

- f) a chinntiú go léirítear meas ar cheart an duine ar a ndea-chlú;
 - g) a chinntiú go gcaitear le finnéithe ar bhealach measúil.
34. Is féidir le finnéithe a bheith ag dréim leis go mbeidh na caighdeáin seo a leanas i bhfeidhm maidir le cruinnithe Coiste:
- a) beidh tú eolach ar na réimsí leathana a bheidh le breithniú ag an gcrúinniú ar iarradh ort freastal air agus is féidir a bheith ag súil leis go réasúnta nach gceisteofar thú ach faoi nithe a thagann laistigh de na réimsí seo. Is fút féin é cé acu a thoileoidh tú nó a dhiúltoídh tú ceisteanna atá lasmuigh de shainchúram an Choiste nó lasmuigh de théarmaí na litreach cuiridh agus ní ghearrfar pionós ort má dhiúltaíonn tú;
 - b) léireofar meas ar aon ghealltanas nó gach gealltanas a thugtar duit, lena n-áirítear anaithnideacht finnéithe a chosaint nuair atá sin ábhartha;
 - c) seachas i gcásanna inar ordaíodh duit (i.e. gur cuireadh iallach ort) fianaise a thabhairt faoin [Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais \(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta\) 2013](#), beidh meas ar do chinneadh diúltú ceist a fhreagairt ar chúis shonraithe. Má bhaineann an chúis shonraithe le hábhar a d'fhéadfadh, go deimhin, a bheith oiriúnach le haghaidh seisiún príobháideach (e.g. má bhaineann sí le faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de nó faoi rún ar bhealach eile), féadfaidh na Coiste an cruinniú a bhogadh go seisiún príobháideach chun déileáil leis an gceist faoi leith atá i gceist;
 - d) ní cheisteofar finnéithe nó ní bheidh siad páirteach ar bhealach eile i bplé ar nithe arb eol don Choiste iad a bheith *sub judice* seachas mar a ndéantar foráil dóibh i mBuan-Orduithe Dháil Éireann agus/nó Sheanad Éireann.¹⁷ Má tá ábhair imní ag finné ina leith seo, ba cheart na hábhair imní seo a chur in iúl don Chathaoirleach a luaithe agus is féidir;
 - e) le linn seisiún poiblí ní dhéanfar tagairt d'fhaisnéis a phléitear le linn seisiún príobháideach;
 - f) ní dhéanfar ceistiú fada gan fáth ar fhinnéithe nó ní cheanglófar orthu freastal ar chruinnithe ar feadh tréimhse atá go míréasúnta fada. Mar riail ghinearálta—
 - i. ní cheanglófar ort freastal nó fianaise a chur i láthair nó ní dhéanfaidh comhaltaí ceistiú ort ar feadh tréimhsí níos faide ná dhá uair an chloig;
 - ii. má theastaíonn do fhreastal ar feadh tréimhsí níos faide cuirfear an cruinniú ar fionraí ar feadh tréimhse chúí [15 nóiméad ar a laghad] tar éis aon tréimhse dhá uair an chloig de cheistiú;
 - iii. ní cheisteofar thú go leanúnach ar feadh tréimhse níos faide ná dhá uair an chloig ach amháin má thugann tú do thoiliú sainráite;

¹⁷ Féach Buan-Ordú na Dála 69 agus Buan-Ordú an tSeanaid 47.

- iv. má chuireann finn é in iúl don choiste roimh an dáta freastail nach mbeidh siad in ann, mar gheall ar chúinsí pearsanta¹⁸, tabhairt faoi gnáth-thréimhsí ceistithe, féadfaidh an Coiste sosanna níos minice a sceidealú.

35. Más státseirbhíseach thú, nó ball d'Fhórsa Buan Óglaigh na hÉireann nó den Gharda Síochána, nó más "duine ábhartha" thú¹⁹ faoi [Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais \(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta\), 2013](#), féadfaidh tú fianaise a thabhairt chun críocha fíricí a dheimhniú agus cuntas fíriciúil ar ábhar. Ní ceadmhach go gcuirfear iallach ort tuairim a thabhairt (nó go deimhin ní ceadmhach duit tuairim a thairiscint) maidir le fiúntas beartais Rialtais nó Aireachta.²⁰ Chomh maith leis sin, má ordaítear duit doiciméad a thabhairt do Choiste a gcreideann "*duine iomchuí*"²¹ (go bunúsach, do Phríomhoifigeach nó Ard-Rúnaí) go bhfuil ábhar ann ina bhfuil léiriú tuairime ar bheartas Rialtais nó Aireachta, ní mór dó nó di a bheith ag obair leat chun an doiciméad sin a pháirtfholú más gá.²² Tagair d'alt 93 den Acht le do thoil má bhaineann an t-alt seo leat le haghaidh sonraí iomlána maidir lena fheidhmiú.

Leigheasanna

36. Má iarrann finn é nó comhalta rialú ar ní a bhaineann le hord, déanfaidh an Cathaoirleach rialú ar an ní láithreach bonn, nó chomh luath agus is praiticiúil.²³ Áirítear leis seo:²⁴
- ábharthacht na n-imeachtaí le horduithe tagartha (nó Téarmaí Tagartha) an Choiste;
 - ábharthacht an cheistithe leis an ní nó na nithe atá faoi scrúdú le linn na n-imeachtaí mar a leagtar amach sa chuireadh don fhinné;
 - na haithrisí a rinneadh le linn na n-imeachtaí;
 - fógra neamhdhóthanach maidir le nithe a tarraingíodh anuas le linn na n-imeachtaí, lena n-áirítear doiciméid;
 - comhlíonadh an Choiste le téarmaí an phrótacail seo, nó
 - aon ní eile a bhaineann le stiúradh ginearálta na n-imeachtaí.
37. Má dhéanann an Cathaoirleach rialú ar ní a bhaineann le hordú, agus má theipeann ar chomhalta den Choiste cloí leis an rialú sin, tá cumhacht ag an gCathaoirleach a éileamh ar an duine tarraingt siar agus/nó i gcásanna dáiríre, a mholadh go gcuirfí an Comhalta ar fionraí ón gCoiste.²⁵

¹⁸ Féadfar go n-áireofar orthu seo, mar shampla, drochshláinte thromchúiseach. Más cuí, féadfar doiciméid tacaíochta a thabhairt don Choiste.

¹⁹ Féach alt 93(4).

²⁰ Féach alt 93.

²¹ Féach alt 93(4).

²² Féach alt 93(2) agus (3).

²³ Buan-Ordú na Dála 96A(1) agus Buan-Ordú an tSeanaid 72A(1).

²⁴ Buan-Ordú na Dála 96A(2) agus Buan-Ordú an tSeanaid 72A(2).

38. Ba cheart go mbeadh finnéithe eolach gur féidir le finnéithe, faoin [Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais \(Fiosrúcháin, Pribhléidí agus Nósanna Imeachta\), 2013](#) iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt le haghaidh treoracha. Ach níl sé seo i bhfeidhm ach amháin nuair a úsáideann Coiste cumhacht faoin Acht chun iallach a chur ar an bhfinné teacht i láthair nó doiciméid a chur ar fáil agus nuair a chreideann an finné nach bhfuil gníomhartha an Choiste ag teacht leis an Acht sin. Ba cheart d'fhinnéithe na treoirlínte ar leith a léamh [Guidelines for Witnesses on Compellability](#).
39. Tar éis do chruinniú críochnú, má cheapann tú go ndeachaigh aithris chun dochair duit ag an gcruinniú, féadfaidh tú aighneacht scríofa a dhéanamh chuig Cléireach an Choiste laistigh de shé seachtaine.²⁶ Níl aon fhoráil ann chun an spriocdháta seo a shíneadh. Ansin cuirfidh an Cléireach d'aighneacht in iúl don Chathaoirleach. Sainmhínítear sa Bhuan-Ordú ábhartha go gciallaíonn *"aithris chun dochair duit"* gur tagraíodh do dhuine in imeachtaí lena ainm nó lena hainm nó ar bhealach ionas gur féidir iad a shainaithint go héasca, agus tá féidearthacht shuntasach ann go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ar an duine sin, go pointe substaintiúil:
- rinneadh dochar do chló an duine, nó maidir le plé nó baint le daoine eile,
 - tá díobháil déanta don duine i ngairm, ceird, oifig nó creidmheas airgeadais, nó
 - sáraíodh a bpríobháideachtas go neamhréasúnta,
- mar gheall ar an tagairt sin dóibh. Ní gá gurb ionann aithris lena ndearnadh dochar do dhuine agus mí-úsáid pribhléide de réir bhrí na mBuan-Orduithe.
40. Tá dualgas ar an gCathaoirleach cinneadh a dhéanamh maidir le d'aighneacht. Má tá tú míshásta leis an gcinneadh sin (nó má theipeann ar an gCathaoirleach ceann a dhéanamh laistigh de shé seachtaine ó d'aighneacht a bheith faighte ag an gCléireach) is féidir leat aighneacht eile a dhéanamh don Choiste ar Phribhléidí Parlaiminteacha agus Maoirseacht tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis an chéad aighneacht a dhéanamh.²⁷ Sa chás go ndearnadh d'aighneacht don Choiste ar Phribhléidí Parlaiminteacha agus Maoirseacht lasmuigh den tréimhse 12 sheachtain, féadfaidh sé an t-am a shíneadh duit lena dhéanamh, ach tá sínte mar sin eisceachtúil, agus ní dheonóidh an Coiste síneadh mar seo ach sa chás gur ghníomhaigh tú go pras, agus go bhfuil cúiseanna an-láidir ann le tacaíocht ó fhianaise. Is féidir gearán a dhéanamh faoin mBuan-Ordú seo i gcoinne comhalta ar bith den Choiste, an Cathaoirleach san áireamh.
41. Cinnfidh an Coiste ar Phribhléidí Parlaiminteacha agus Maoirseacht an ní agus déanfaidh sé cibé moltaí a mheasann sé a bheith cuí agus tuairisceoidh sé don Dáil air sin. Féadfar go n-áireofar ar na moltaí, mar shampla, treoir do Choiste gníomhaíochtaí sainráite a dhéanamh nó comhalta a

²⁵ Féach Buan-Ordú na Dála 113 agus Buan-Ordú an tSeanaid 89.

²⁶ Féach Buan-Ordú na Dála 71 agus Buan-Ordú an tSeanaid 49A.

²⁷ Le haghaidh sonraí iomlána ar an bpróiseas seo féach Buan-Orduithe na Dála 71 agus 71A agus Buan-Orduithe an tSeanaid 49A agus 49B.

cháineadh ar chúiseanna luaite²⁸. Nuair atá an Coiste sin ag breithniú an ní, cuirfidh sé san áireamh saincheisteanna dá dtagraítear in *Treoirlínte arna gcomhaontú ag an gCoiste ar Phribhléidí Parlaiminteacha agus Maoirseacht maidir leis na breithnithe cuí agus ábhartha maidir le cinneadh aighneachtaí agus atreoruithe a thagann chun cinn faoi Bhuan-Orduithe na Dála 71, 71A agus 71B agus Buan-Orduithe an tSeanaid 49A, 49B agus 49C* arna fhoilsiú ar www.oireachtas.ie.

Freastal ar Chruinnithe agus Cruinnithe a Chraoladh

42. Is féidir leis na meáin agus le baill den phobal freastal ar chruinnithe poiblí, agus is féidir iad a chraoladh ar an teilifís nó ar an raidió, nó a shruthú ar an idirlíon de réir na Rialacha Clúdaigh.²⁹

Is féidir le duine a bheith i gComhluadar Finné

43. Is féidir gur mhaith le finnétithe go mbeidh duine ina gcomhluadar ag cruinniú, mar shampla, cara, comhghleacaí, comhairleoir nó ionadaí ceardchumann, a fhéadfaidh suí taobh leo má cheadaítear dóibh freastal. Maidir le cruinnithe a thionóltar i seisiún poiblí, is féidir le cairde agus comhghleacaithe eile, de ghnáth, freastal mar bhaill den phobal agus suí san áiléar poiblí. Más mian le finné, ar chúis ar bith, go mbeidh duine ina c(h)omhluadar agus é/í ag tabhairt fianaise, ba chóir dó/di seo a iarraidh, nuair a iarrrtar air/uirthi den chéad uair fianaise a thabhairt más féidir.³⁰
44. Breithneoidh an Coiste gach iarraidh mar seo cás ar chás. Seachas i gcúinsí eisceachtúla, táthar ag súil leis go mbeidh finnétithe ag freastal ar chruinnithe Coiste leo féin. I measc cúinsí eisceachtúla bheadh, mar shampla, na riachtanais bhreise atá ag finné. Ba cheart a thabhairt faoi deara, seachas nuair a cheanglaítear leis an dlí, nach n-íocfaidh an Coiste costais a thabhaítear mar gheall ar dhuine a bheith i gcomhluadar finné.
45. Seachas nuair a chomhaontaíonn an Coiste, ní cheadófar do dhuine atá i gcomhluadar finné labhairt leis an gCoiste nó labhairt thar ceann finnétithe. Cheadaítear cumarsáid idir an finné agus an duine atá ina chomhluadar ach níor cheart dó seo cur isteach ar an gcruinniú.

²⁸ Féach Buan-Ordú na Dála 71A(10) agus Buan-Ordú an tSeanaid 49B(10).

²⁹ Leagtar amach na rialacha ar chraoladh imeachtaí ag Buan-Ordú na Dála 158 agus Buan-Ordú an tSeanaid 97. Leagtar síos iontu, *inter alia*, "... ní úsáidfeadtaí ná sleachta de na himeachtaí i gcláir shiamsaíochta éadroime, i gcláir aoire polaitiúla, i gcraoltaí páirtí polaitíochta nó i bhfoirm fógraíochta nó poiblíochta ar bith, seachas i bhfoirm réamhfhógrán chláir nuachta agus chláir chúrsaí reatha...".

³⁰ Má ordaíodh duit (i.e. má cuireadh iallach ort) freastal os comhair an Choiste, tá tú i dteideal, faoi Bhuan-Ordú 97(4) agus Buan-Ordú an tSeanaid 73(4), cleachtóir dlí a bheith i do chomhluadar. Féach arís *Guidelines for Witnesses on Compellability*.

Nithe ilghnéitheacha a bhaineann le stiúradh an chruinnithe

46. Féadfaidh an Coiste ráitis scríofa ó dhaoine nó comhlachtaí nár tugadh cuireadh dóibh freastal ar chruinniú, faoi rogha an Choiste, a chur san áireamh agus má chuirtear san áireamh iad, foilseoidh an Coiste iad faoi réir na treorach maidir le rúndacht thuas.
47. Má tharlaíonn sé, le linn an chruinnithe, go n-ainmnítear nó go sainaitnítear duine ar bhealach eile nach bhfuil ag an gcruinniú, féadfar, faoi rogha an Choiste, tras-scríbhinní d'fhianaise ábhartha a chur ar fáil dóibh. Ansin féadfaidh na daoine sin ráiteas agus/nó doiciméid ábhartha a chur chuig an gCoiste, má tá siad den bharúil go bhfuil aon mheancóg maidir le fíricí nó ráiteas neamhchruinn lena n-áirítear ráiteas neamhchruinn a thagann chun cinn trí chomhthéacs a fhágáil ar lár) sa tras-scríbhinn a bhaineann leo. Féadfaidh duine mar seo aighneacht a dhéanamh don Choiste agus don Choiste ar Phribhléidí Parlaiminteacha agus Maoirseacht má rinneadh dochar dóibh mar gheall ar aon aithris a rinneadh in imeachtaí Coiste³¹.

Tar éis an Chruinnithe

Fianaise a Fhoilsiú

48. Is é “tuairisc oifigiúil ar dhíospóireachtaí” an frása a úsáidtear chun cur síos ar an taifead a choinnítear ar fhianaise a thugann finné ag cruinniú Coiste poiblí. De ghnáth is tuairisc focal ar fhocal a bheag nó a mhór ach ní amach is amach í an tuairisc oifigiúil³² toisc go nglactar leis go gcaitear beagán eagarthóireachta a dhéanamh ar an bhfocal ó bhéal ar mhaithe leis an té a bheadh á léamh seachas an té a bheadh ag éisteacht. Ach nuair a thugtar fianaise faoi mhionn, beidh an taifead ar fhianaise a thugtar focal ar fhocal. Foilsítear an tuairisc oifigiúil i gcónaí ina hiomláine (i.e. ní fholáítear aon pháirt di.)
49. Maidir le finnétithe a thugann a bhfianaise go poiblí, cuirfear tuairisc oifigiúil fianaise gach finné, go ginearálta, ar rannóg an Choiste de Shuíomh Gréasáin an Oireachtais, www.oireachtas.ie, a luaithe agus is féidir go praiticiúil tar éis chríoch a bhfianaise. Is féidir an tuairisc oifigiúil ar dhíospóireachtaí a chur le haon tuairisc dheiridh de chuid an Choiste.
50. Sa chás gur tugadh fianaise ag cruinniú a tionóladh i seisiún príobháideach, is féidir clostaifead a dhéanamh d'fhianaise mar seo. Is é cuspóir an taifid seo cabhrú leis an gCléireach miontuairiscí na n-imeachtaí a thiomsú. Ní ullmhófar, ní phriontálfar agus ní fhoilseofar tras-scríbhinn (i bhfocail eile, tuairisc oifigiúil díospóireachtaí) ach amháin má ritheann an Teach rún chun seo a cheadú go sainráite. Má mholtar a leithéid de rún a thabhairt, cuirfear in iúl d'aon fhinnéithe a thugann

³¹ Buan-Ordú na Dála 71 agus 71A agus Buan-Ordú an tSeanaid 49A agus 49B.

³² tugtar “an tras-scríbhinn” air go coitianta freisin

fianaise i seisiún príobháideach agus tabharfar deis dóibh aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an rún molta. Cé go bhfuil siad faoi rún do na Tithe, ní mheastar taifeadtaí mar seo a bheith ina bpáirt de Thaifead Oifigiúil na dTithe agus scriostar iad a luaithe is nach dteastaíonn siad a thuilleadh.³³

Fianaise bhreise

51. Ba cheart d'aon fhinné ar mian leis nó léi tuilleadh fianaise a thabhairt teagmháil a dhéanamh leis an gCléireach don Choiste. Breithneoidh an Coiste iarrataí mar seo go cúramach. Más mian leis an gCoiste finné a athghlao, tabharfaidh an Coiste cibé fógra a mheasann sé a bheith réasúnta sna cúinsí.
52. Féadfaidh an Coiste a chinneadh freisin, ag pointe ar bith sula ndéanfaidh sé a thuairisc, tuilleadh fianaise ó bhéal nó i scríbhinn a lorg nó a ghlacadh, bíodh sin maidir le gné faoi leith den ní atá faoi scrúdú nó an ní go ginearálta.

Tuairisc an Choiste

53. Ní dhéanfaidh tuairisc Coiste aimsiú fíricí a chaitheann amhras ar dhea-chlú daoine atá ainmnithe nó in-sainaitheanta ar bhealach eile. Tá rogha ag an gCoiste a dhréacht-tuairisc a chur ar fáil do dhaoine áirithe, lena n-áirítear aon duine atá ainmnithe nó atá in-sainaitheanta ar bhealach eile, nó a bhfuil tionchar suntasach ag aon chinneadh nó moladh beartaithe sa dréacht-tuairisc air nó uirthi. Is féidir an deis a thabhairt d'aon duine a roghnaíonn an Coiste an dréacht-tuairisc a thabhairt dóibh aighneachtaí a dhéanamh maidir le hábhar na tuairisce, lena n-áirítear a áitiú cé acu ba cheart nó nár cheart aon fhaisnéis a fhágáil ar lár. Cinnfidh an Coiste ansin cé acu an dréacht-tuairisc a leasú nó gan í a leasú bunaithe ar na haighneachtaí a dhéantar.
54. Sa chás gur tugadh fianaise ag cruinniú a tionóladh i seisiún príobháideach, déanfaidh an Coiste breithniú cúramach ar conas is fearr tarraingt ar fhianaise mar seo agus í a mhíniú go poiblí. Féadfaidh sé na sonraí seo a fhoilsiú freisin, nuair is cuí agus sa chás amháin go bhfuil toiliú an fhinné faighte. Déanfar seo le haird chuí ar dhlí (lena n-áirítear na dlíthe maidir le sárú muiníne) agus Buan-Orduithe na dTithe.
55. Foilseofar aon Tuairiscí de chuid an Choiste ar rannóg an Choiste de Shuíomh Gréasáin an Oireachtais, www.oireachtas.ie.

³³ i.e. a luaithe is nach dteastaíonn an taifeadadh níos mó toisc go bhfuil miontuairiscí d'imeachtaí an Chruinnithe nó dréacht-tuairisc de chuid an Choiste lena mbaineann siad faofa ag an gCoiste.